Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2026
(OR. en)

10883/26

LIMITE

CORLX 650
CFSP/PESC 956
CONOP 43

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE mar thaca le limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm ollscriosta (LSÓAOS sa Mheánoirthear) i dtimpeallacht slándála réigiúnach shíorathraitheach |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**mar thaca le limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm ollscriosta (LSÓAOS sa Mheánoirthear) i dtimpeallacht slándála réigiúnach shíorathraitheach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, chomh maith le Straitéis an Aontais Eorpaigh 2003 i gcoinne leathadh arm ollscriosta (AOS) 2003, bunaithe ar an gcreideamh láidir gurb é an cur chuige iltaobhach i leith na slándála, lena n-áirítear dí-armáil agus neamhleathadh, an bealach is fearr chun an t-ord idirnáisiúnta a choinneáil.

(2) Dá bhrí sin, is é beartas an Aontais seasamh le cur chun feidhme agus uiliú na gconarthaí, na gcomhaontuithe agus na noirm atá ann cheana maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, iad a chur chun feidhme agus iad a neartú, agus comhoibriú le tríú tíortha agus cúnamh a thabhairt dóibh agus a n-oibleagáidí faoi choinbhinsiúin agus córais iltaobhacha á gcomhlíonadh acu.

(3) Sa Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Pháras le haghaidh na Meánmhara an 13 Iúil 2008, lenar bunaíodh an tAontas don Réigiún Meánmhuirí, athdhearbhaíodh an uaillmhian choiteann chun an tsíocháin chomh maith leis an tslándáil réigiúnach a bhaint amach, mar a leagtar amach i nDearbhú Barcelona a glacadh ag an gComhdháil Eora-Mheánmhara an 27- 28 Samhain 1995, *inter alia*, trí chloí le Conarthaí agus Coinbhinsiúin idirnáisiúnta AOS, agus trí bhíthin socruithe réigiúnacha, mar shampla limistéir atá saor ó airm núicléacha.

(4) Ag an gComhdháil Athbhreithnithe ar an gConradh maidir le Neamhleathadh (NPT) in 2010, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le próiseas a mbeadh cur chun feidhme iomlán Rún 1995 maidir leis an Meánoirthear (‘Rún 1995’) mar thoradh air. Chuige sin, d’fhormhuinigh Comhdháil Athbhreithnithe NPT 2010 céimeanna praiticiúla, *inter alia*, chun aird chuí a thabhairt ar na tairiscintí uile a bhí dírithe ar thacú le Rún 1995 a chur chun feidhme, lena n-áirítear an tairiscint ón Aontas seimineár leantach a óstáil a bhaineann leis an gceann a eagraíodh i mí an Mheithimh 2008.

(5) D’aithin Comhdháil Athbhreithnithe NPT 2010 an ról tábhachtach a bhí ag an tsochaí shibhialta i gcur chun feidhme Rún 1995 agus spreag sí gach iarracht ina leith sin.

(6) Ina Chlár Oibre um Dhí-armáil dar teideal ‘*Securing our Common Future*’ [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú], arna thíolacadh an 24 Bealtaine 2018, gheall Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go n-oibreofaí le Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun limistéir saor ó airm núicléacha a neartú agus a chomhdhlúthú, lena n-áirítear trí thacú le limistéir eile den sórt sin a bhunú, lena n-áirítear sa Mheánoirthear. Leagadh béim bhreise ar na rúin sin i gComhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Meán Fómhair 2024, inar dhearbhaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe go bhfuil sé ar intinn acu an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a fheabhsú trí, *inter alia*, limistéir atá saor ó airm núicléacha a shaothrú.

(7) Chuir an tAontas in iúl go leanúnach go bhfuil sé réidh chun cabhrú leis an bpróiseas as a dtiocfaidh bunú limistéir saor ó airm ollscriosta sa Mheánoirthear (LSÓAOS sa Mheánoirthear) trí thacú le próisis forbartha muiníne, go háirithe trí sheimineáir agus ceardlanna de chuid an Aontais, mar shampla na seimineáir agus na ceardlanna a tionóladh in 2008, 2011 agus 2012 agus trí thionscadail arna dtacú ag an Aontas a reáchtáil Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR) maidir le bearta forbartha muiníne as a dtiocfaidh bunú limistéir den sórt sin, de bhun Chinntí (CBES) 2019/938[1] agus (CBES) 2023/1306 ón gComhairle[2].

---

1 Cinneadh (CBES) 2019/938 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019 mar thaca le próiseas forbartha muiníne as a dtiocfaidh bunú limistéir sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó gach arm ollscriosta eile (IO L 149, 7.6.2019, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/938/oj).

2 Cinneadh (CBES) 2023/1306 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 mar thaca le tionscadal maidir le limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm ollscriosta (LSÓAOS sa Mheánoirthear) i dtimpeallacht slándála réigiúnach atá ag athrú (IO L 161, 27.6.2023, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1306/oj).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do phróiseas a mbeadh LSÓAOS sa Mheánoirthear mar thoradh air trí leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair UNIDIR chuige sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Chun gealltanas an Aontais a chur ar aghaidh maidir le LSÓAOS sa Mheánoirthear a bhunú, tacóidh an tAontas le tionscadal de chuid UNIDIR a mbeidh na cuspóirí uileghabhálacha seo a leanas aige:

   – cúnamh a thabhairt chun treochtaí réigiúnacha maidir le hiomadú AOS a mhaolú;

   – socruithe slándála réigiúnacha, agus rialú arm, neamhleathadh agus noirm agus próisis dhí-armála a spreagadh;

   – tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an gcaidreamh idir LSÓAOS sa Mheánoirthear agus na forbairtí réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair; agus

   – LSÓAOS sa Mheánoirthear atá éifeachtach, infhíoraithe, cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal sa Doiciméad Tionscadail atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’) freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é UNIDIR a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus a dhéanfaidh an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNIDIR.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 2 000 001 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid dá dtagraítear in mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNIDIR. Sonrófar sa chomhaontú sin go bhfuil UNIDIR chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena mhéid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha insinte 12 mhí arna n-ullmhú ag UNIDIR. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais cur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

PUBLIC

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh comhaontú maoinithe tugtha i gcrích faoin am sin.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC